Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

RÉPUBLIQUE FRANÇAISE
*Liberté*
*Égalité*
*Fraternité*

# Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta idir Éire agus an Fhrainc, 2021-2025

## Achoimre Fheidhmeach

Tá Éire agus an Fhrainc tiomanta dár gcaidreamh déthaobhach a neartú agus a dhaingniú tuilleadh, go háirithe ós rud é gurb í anois an Fhrainc an chomharsa is gaire d'Éirinn san Aontas Eorpach. Chun an sprioc sin a bhaint amach, ba mhian linn Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta a ghlacadh don tréimhse 2021-2025, a d'fhágfadh go bhféadfaí idirphlé treisithe agus comhpháirtíocht uaillmhianach pholaitiúil a bheith ann lena ngabhfadh tionscnaimh nithiúla agus tionchar intomhaiste ar ár gcaidreamh.

Bunaithe ar chairdeas agus dáimh sheasmhach agus dhomhain a théann siar na céadta bliain, comhpháirtithe láidre is ea Éire agus an Fhrainc san Aontas Eorpach, sna Náisiúin Aontaithe agus ar scála domhanda, i dteannta iad a bheith ina ndlúthchomhpháirtithe déthaobhacha agus comharsana. Is iad is foras don Phlean Comhpháirteach Gníomhaíochta seo ár bprionsabail agus luachanna comhchoiteanna agus tógtar leis ar Dhearbhú Comhpháirteach na nAirí arna ghlacadh ag Coveney agus Le Drian i mí na Bealtaine, 2021.

Tá raon tionscnamh nua sa Phlean seo lena léirítear tosaíochtaí comhroinnte na hÉireann agus na Fraince, mar atá: tacú leis an inbhuanaitheacht; ceangal trádála a mhéadú; an geilleagar digiteach a chothú; naisc oideachais agus thaighde a neartú; an Fhraincis a chur chun cinn; agus oidhreacht chultúrtha a chothú.

Tá naisc dhuine le duine i gcroílár an chaidrimh bhríomhair atá eadrainn agus tríd an bPlean seo, tá an dá Stát tiomanta do thuilleadh deiseanna do mhuintir an dá thír dul i dteagmháil a chéile, malartú lena chéile agus dul i gcomhar a chéile a chur chun cinn. Tá sé i gceist againn freisin naisc idir státseirbhísigh na hÉireann agus na Fraince a neartú, lena n-áirítear líonra nua a sheoladh chun an Fhraincis a chur chun cinn i measc státseirbhís na hÉireann.

Déanfaimid idirphlé beartais agus comhar a threisiú trí idirphlé struchtúrtha nua a sheoladh sna réimsí seo a leanas: beartas eachtrach, fiontraíocht, trádáil, airgeadas, an aeráid, fuinneamh agus an t-aistriú éiceolaíoch, agus cosaint.

D'fhonn tacú le huaillmhianta an Phlean seo, déanfaidh Éire a lorg sa Fhrainc a leathnú trí Ard-Chonsalacht nua a oscailt in Lyon, trí líonra a Consail Oinigh a leathnú agus trína láithreacht i bPáras a threisiú. Oibreoimid as lámha a chéile chun na deiseanna trádála agus gnó a uasmhéadú, deiseanna arna dteacht chun cinn de thoradh leathnú pras naisc dhíreacha mhuirí idir an dá thír.

**Tionscadail Tosaíochta**

Chun **tacú leis an inbhuanaitheacht**, tá an dá Stát ag díriú ar thionscnaimh a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, cathracha inbhuanaithe, chomh maith le talmhaíocht agus iascaigh inbhuanaithe. Ar na tionscadail sin, áirítear Meabhrán Tuisceana nua a shíniú idir an Agence de l'Environnement et de la Maîtrise de l'Énergie agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Athdhearbhaíonn an dá Rialtas a dtacaíocht láidir don tionscadal suaitheanta, an tIdirnascaire Ceilteach, lena mbunófar an chéad cheangal díreach leictreachais idir Éire agus an mhór-roinn.

Tá an Fhrainc ina tairseach thábhachtach idir Éirinn agus an Margadh Eorpach Aonair. Tá rún daingean againn tacú le **ceangal trádála** agus déanfaimid bearta ar leith chun comhpháirtíochtaí trádála agus gnó a chur chun cinn.

Ar **leibhéal an domhain agus na hEorpa**, déanfaimid níos mó comhair trí idirphlé struchtúrtha níos láidre agus malartuithe taidhleoirí.

Agus an **geilleagar digiteach** i gcroílár an téarnaimh eacnamaíochta tar éis na paindéime agus chlár oibre AE araon, déanfaimid ár gcomhar sa réimse sin a leathnú, agus muid ag oibriú le chéile go háirithe ar an tionscnamh 'An Eoraip i mBun Fáis' (*Scale Up-Europe).*

Tríd an bPlean seo, díreoimid go háirithe ar naisc idir ár mac léinn, ár ndámha agus ár dtaighdeoirí a neartú. Tá tionscnaimh nua á nglacadh againn chun comhar a neartú san **ardoideachas, sa bhreisoideachas, san oiliúint agus sa taighde**. Áirítear orthu sin dhá Ráiteas Chomhpháirteacha nua na nAirí maidir le soghluaisteacht na múinteoirí amach anseo a fhorbairt agus comhar déthaobhach i réimse na hoiliúna múinteoirí agus na gairmoiliúna a neartú; sprioc maidir le 60 clár céimeanna dúbailte a fhorbairt faoi 2025; Acadaimh Mhúinteoirí na Fraince-na hÉireann a fhorbairt; rannpháirtíocht níos mó Institiúidí Ardoideachais na Fraince agus na hÉireann i gclár Erasmus+; rannpháirtíocht Institiúidí Ardoideachais na Fraince agus na hÉireann i dtionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha; cuibhreannais agus comhpháirtíochtaí nua a chruthú idir boird oideachais na Fraince agus Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) na hÉireann; agus an líonra rathúil Franc-Éireannach um ealaíona cócaireachta, fáilteachas agus turasóireacht a leathnú.

Cuirfidh Éire agus an Fhrainc borradh faoin gcomhar **taighde** agus iad ag oibriú go comhpháirteach chun cabhrú lenar gcuid taighdeoirí rochtain a fháil ar an gclár 'Fís Eorpach'. Déanfaimid na cláir taighde Ulysses a leathnú, cláir lena ndéantar comhar nua idir taighdeoirí atá lonnaithe in Éirinn agus sa Fhrainc a chothú.

Déanfaimid foghlaim **na Fraincise** a chur chun cinn ag leibhéal na meánscoile in Éirinn, go háirithe trí scéim na gcúntóirí teanga, agus táimid ar aon fhocal maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na Fraincise le haghaidh teangacha iasachta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach ag leibhéal na bunscoile.

Tógfaimid ar an **ngaol cultúrtha** láidir agus stairiúil idir an dá thír. Áireofar leis sin: comhpháirtíochtaí nua straitéiseacha a sheoladh idir institiúidí cultúrtha agus institiúidí oideachais atá ar thús cadhnaíochta; comhar treisithe san earnáil scannánaíochta; ardáin chomhoibríocha agus tionscnaimh chláir, lena n-áirítear comhchomóradh céad bliain a

dhéanamh ar fhoilsiú Ulysses i bPáras in 1922; clár nua Comhaltachtaí Eileen Gray lena dtugtar aitheantas d'inspioráid an ailtire agus an dearthóra iomráitigh; agus Comhaltacht Tomi Ungerer nua chun malartuithe ildisciplíneacha ealaíne in ainm an scríbhneora agus an ealaíontóra Franc-Éireannaigh a chur chun cinn.

Déanfaidh Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hÉireann agus na Fraince agus na hAmbasáidí faoi seach cur chun feidhme an Phlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta seo a chomhordú d'fhonn a áirithiú go ndéanfaí na tionscadail uaillmhianacha a comhaontaíodh a chur i gcrích.

Mar sin, trí fheidhmiú an Phlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta seo, táimid ag tnúth go mór leis an mborradh leanúnach a chuirfear faoinár gcaidreamh déthaobhach sna blianta atá le teacht.

## AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

### Réamhrá

Leis an ráiteas comhpháirteach a thug Airí Gnóthaí Eachtracha na hÉireann agus na Fraince an 20 Bealtaine 2021, tá an bealach le haghaidh idirphlé treisithe agus comhpháirtíocht pholaitiúil láidir agus uaillmhianach idir an dá thír réitithe acu.

Is é is cuspóir don Phlean Gníomhaíochta seo uaillmhian chomhchoiteann na hÉireann agus na Fraince a leagan amach i dteannta na mbeart atá le déanamh chun ár spriocanna comhchoiteanna, mar chomharsana a bhfuil an todhchaí chéanna san Aontas Eorpach os ár gcomhar amach, agus mar ghníomhaithe a thacaíonn leis an iltaobhachas ar an leibhéal domhanda, a bhaint amach. Tacófar leis an bPlean seo trí thionscadal agus tionscnamh a bheidh ar siúl thar thréimhse 4 bliana.

Sa bhreis air sin, tacóidh Éire le huaillmhianta an Phlean seo trína lorg sa Fhrainc a leathnú, trí Ard-Chonsalacht nua a oscailt in Lyon, agus freisin trí líonra a Consail Oinigh a leathnú tuilleadh ar mhaithe lena láithreacht i bPáras, atá láidir cheana féin, a threisiú.

### Comhpháirtithe san Aontas Eorpach

Is í an sprioc chomhchoiteann atá againn Eoraip atá láidir agus ceannasach a thógáil, Eoraip a bheidh bunaithe ar fhás inbhuanaithe agus sábháilte, ina mbeidh slándáil a cuid saoránach agus sláine a margadh aonair ráthaithe ina mbeidh ord idirnáisiúnta eacnamaíoch atá cothrom agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chothabháil. Is mian le hÉirinn agus leis an bhFrainc comhar laistigh den Aontas Eorpach a fheabhsú, go háirithe le linn Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear an aeráid, an bhithéagsúlacht agus saincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol. Is mian leo freisin na bunluachanna sin atá lárnach san Aontas Eorpach a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, is mian leis an dá thír oibriú as lámha a chéile chun an margadh aonair digiteach a thabhairt chun críche, ar margadh é sin lena gcuirfear borradh faoi phoitéinseal eacnamaíoch na hEorpa. Táimid go mór ar aon fhocal freisin maidir lena thábhachtaí atá rannpháirtíocht an Aontais ar an leibhéal domhanda, agus aird ar leith á tabhairt ar an Afraic i gcomhthéacs Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Spreagaimid ár saoránaigh chun páirt a ghlacadh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa tríd an ardán ilteangach digiteach agus freisin trí na painéil náisiúnta agus trí phainéil shaoránaigh na hEorpa a reáchtálfar go dtí mí an Mhárta, 2022, ionas gur féidir leo a gcuid tuairimí agus ionchais féin maidir leis an Eoraip agus an todhchaí atá amach roimpi a chur in iúl.

### Comhpháirtithe sna Náisiúin Aontaithe agus ar an Leibhéal Domhanda

Tá Éire agus an Fhrainc araon tiomanta do thacaíocht a thabhairt go gníomhach d'ord idirnáisiúnta atá láidir, cothrom agus bunaithe ar an smacht reachta agus don ord sin a chur chun cinn. Tá an dá thír tiomanta freisin do chóras iltaobhach dea-fheidhmiúil arb iad na Náisiúin Aontaithe atá ina chroílár aige. Déanfaimid príomhacht na Náisiún Aontaithe a chosaint agus gníomhóimid chun cearta an duine, an smacht reachta agus réiteach

coinbhleachtaí a chosaint agus iad sin a chur chun cinn, mar aon le forbairt a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus i gcosaint an chomhshaoil, agus é á áirithiú againn go ndéanfar na cuspóirí arna leagan síos i gComhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide a chur i bhfeidhm. Oibreoidh an dá thír le chéile go domhain ar shaincheisteanna na Comhairle Slándála i rith an dá bhliain atá buailte linn, 2021 agus 2022, tráth atá Éire ina suí ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus déanfaimid an dlúthchomhar atá eadrainn laistigh de na Náisiúin Aontaithe a chothabháil ar bhonn níos leithne sna blianta tar éis an dá bhliain sin.

**Comhpháirtithe agus Comharsana**

Naisc láidre do-athraithe is ea iad na naisc idir Éire agus an Fhrainc, naisc a théann siar na céadta bliain. Tá dáimh nádúrtha idir muintireacha ár dtíortha agus is spreagadh don tír eile iad gach ceann den dá thír. Na naisc atá eadrainn sa lá atá inniu ann, tá siad bríomhar agus tá sé d'acmhainn acu tuilleadh leathnaithe a ghríosadh.

Déanfaidh Éire agus an Fhrainc a ndícheall na naisc sin a neartú agus réimsí nua a shainaithint ina bhféadfadh comhar fónta a dhéanamh, amhail taighde agus nuálaíocht nó tacaíocht a thabhairt don iarracht atá ar bun an Fhraincis a chur chun cinn in Éirinn.

Tá an trádáil idir an dá thír ag dul i méid ar bhonn leanúnach. Tríd an bPlean Comhpháirteach Gníomhaíochta seo, tógfaimid ar an gcaidreamh trádála atá eadrainn, caidreamh atá láidir cheana féin, agus ar an rannpháirtíocht atá ar bun cheana idir cuideachtaí na hÉireann agus cuideachtaí na Fraince araon. Is iomaí sampla atá ann de chomhthionscadail mhóra agus d'infheistíochtaí déthaobhacha atá ar bun faoi láthair, ar comhthionscadail agus infheistíochtaí déthaobhacha iad sin a d'fhéadfaí a leathnú tuilleadh, go háirithe in earnáil an fháis inbhuanaithe, in earnáil an agraibhia, san earnáil chógasaíochta nó san earnáil dhigiteach.

Agus an tIdirnascaire Ceilteach ina chéad nasc díreach leictreachais idir Éire agus an Fhrainc, leathnófar comhtháthú mhargaidh fuinnimh AE tuilleadh, éascófar forbairt an leictreachais in-athnuaite, mar aon leis an dlúthpháirtíocht, agus déanfar slándáil an tsoláthair a fheabhsú a bhuí leis.

Is iontach an infheistíocht atá á déanamh ag gnóthaí Francacha in Éirinn agus ag gnóthaí Éireannacha sa Fhrainc i réimse an ghrianfhuinnimh agus réimse an fhuinnimh gaoithe agus is léiriú den scoth é ar chur chuige réamhbhreathnaitheach an chaidrimh eacnamaíoch atá eadrainn.

**Comhpháirtithe Oideachais, Taighde, Nuálaíochta, Eolaíochta agus Cultúir**

Tá forbairt á déanamh go pras ar an gcomhar idir ollscoileanna agus institiúidí taighde an dá thír, bíodh is gur comhar atá an-láidir cheana féin atá i gceist. Is díol sásaimh d'Éirinn agus don Fhrainc neartú na nasc sin óir gurb iadsan bunchlocha na comhpháirtíochta a bheidh eadrainn amach sna glúnta atá le teacht.

**Tionscadail Tosaíochta atá le Cur i bhFeidhm idir 2021 agus 2025**

**I/ Comhiarracht a dhéanamh chun tacú leis an inbhuanaitheacht**

Déanfaidh Éire agus an Fhrainc, i gcomhar le hearnálacha gnó sa Fhrainc agus in Éirinn, comhiarrachtaí chun comhar i réimse an fháis inbhuanaithe a fhorbairt, bunaithe ar thrí phríomhshraith, mar atá: fuinneamh in-athnuaite; cathracha inbhuanaithe; agus talmhaíocht inbhuanaithe.

**Fuinneamh in-athnuaite**

- Tacaímid le cur chun cinn comhair rathúil sa taighde ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, agus leis an gcomhar idir an dá thír i gcomhthéacs an chláir 'Fís Eorpach'.

Tá taighde agus nuálaíocht san fhuinneamh in-athnuaite agus san éifeachtúlacht fuinnimh thar a bheith tábhachtach.

- Déanfaimid ár seacht ndícheall clabhsúr a chur ar Mheabhrán Tuisceana idir Agence de l'Environnement et de la Maîtrise de l'Énergie agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, rud lena réiteodh an bealach le haghaidh comhar feabhsaithe sa réimse sin sa chéad seimeastar in 2022.

Is díol sásaimh dúinn an infheistíocht arna déanamh sa dá thír ag cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí Francacha, go háirithe sa ghrianfhuinneamh agus san fhuinneamh gaoithe ar tír agus amach ón gcósta. Leanfaidh Éire agus an Fhrainc orthu agus leas coiteann den sórt sin á spreagadh acu, go sonrach trí sheimineáir agus ceardlanna a eagrú ina ndíreofar ar chur i bhfeidhm chreat rialála AE sa dá thír.

- Déanfaimid ár ndícheall oibriú le chéile i réimse na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, m.sh. maidir le fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú san eangach fuinnimh, slándáil an tsoláthair a chothabháil, agus straitéisí a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail, go háirithe ó thaobh na gaoithe amach ón gcósta de.

Athdhearbhaímid ár dtacaíocht láidir don Idirnascaire Ceilteach, rud a fhágann: go mbunófar an chéad nasc díreach leictreachais idir Éire agus an Fhrainc; go ndéanfar comhtháthú mhargaidh fuinnimh an Aontais Eorpaigh a leathnú tuilleadh; go n-éascófar forbairt an leictreachais in-athnuaite mar aon leis an dlúthpháirtíocht; agus go ndéanfar slándáil an tsoláthair a fheabhsú.

Agus é tugtha faoi deara againn go bhféadfadh go gcuirfí le riachtanais fuinnimh na hEorpa trí acmhainneacht ollmhór an fhuinnimh amach ón gcósta, tá sé beartaithe againn cumas thionscadail leasa choitinn AE a imscrúdú, tionscadail lena n-éascódh malartú fuinnimh in-athnuaite.

Oibreoimid le chéile freisin chun cineálacha cur chuige coiteann le haghaidh idirnasc leictreachais breise a fhorbairt, lena n-áirítear an ról féideartha le haghaidh idirnascairí hibrideacha. Leanfaimid orainn dár gcuid iarrachtaí chun an comhar eadrainn a dhaingniú i gcomhthéacs ár mballraíochta i gComhar Fuinnimh na Mara Thuaidh, agus i bhforbairt eangaí leictreachais amach ón gcósta.

**Cathracha Cliste**

Ag leanúint de na múnlaí de Bhaile Átha Cliath agus de Marseille, leanfaidh Éire agus an Fhrainc orthu de bheith ag spreagadh ár gcathracha idirphlé a dhéanamh maidir leis an athrú aeráide agus bainistiú inbhuanaithe cathracha a fhorbairt d'fhonn an bealach is fearr a aimsiú chun rannchuidiú a dhéanamh le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip trí dhea-chleachtais a mhalartú.

Fáiltímid roimh thionscadail nua i réimse na gcathracha cliste, tionscadail arb é is aidhm dóibh príomhghníomhaithe ó rialtais na gcathracha, ón earnáil phríobháideach agus ó lucht na hacadúlachta a thabhairt le chéile.

**An Talmhaíocht Inbhuanaithe agus Iascaigh**

Tá ról tábhachtach ag an talmhaíocht sa ghníomhú ar son na haeráide agus i gcosaint an chomhshaoil (aer, bithéagsúlacht agus uisce) araon. Is minic a bhíonn tionchar nach beag ag éifeachtaí an athraithe aeráide ar fheirmeoirí chomh maith. Tá Éire agus an Fhrainc araon ag obair go gníomhach chun córais talmhaíochta tháirgiúla agus athléimneacha a chinntiú

- Is mór againn na hiarrachtaí atá déanta ag gairmithe in earnálacha an bheostoic in Éirinn agus sa Fhrainc chun cur leis an ngníomhú ar son na haeráide, le cosaint an chomhshaoil agus leis an tslándáil bia agus athdhearbhaímid an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann le hearnáil an bheostoic dár bpobail tuaithe.
- Athdhearbhaímid a thábhachtaí atá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) chun tacú leis na córais inbhuanaithe táirgthe bia atá ag feirmeoirí, chun cur leis an tslándáil bia agus chun ionchais shochaíocha a saoránach a chomhlíonadh.
- Leanfaimid de bheith ag cur leis an gcomhar agus leis an malartú taithí ó thaobh cláir CBT a phleanáil agus iad a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear maidir le sláinte, sábháilteacht agus folláine an fheirmeora).
- Á mheabhrú dóibh ár rannpháirtíocht ghníomhach faoi seach i dtionscnaimh idirnáisiúnta a bhaineann le hinbhuanaitheacht talmhaíochta, tá rún daingean againn a chinntiú go dtabharfar aird ar shaintréithe speisialta earnáil an bheostoic i ndíospóireachtaí AE agus i ndíospóireachtaí idirnáisiúnta maidir leis an aeráid.
- Oibreoimid le chéile ar leibhéal an Aontais d'fhonn caighdeáin chomhshaoil ar fud an domhain a ardú. I gcomhthéacs thrádáil idirnáisiúnta an agraibhia, tacóimid leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á gcur isteach ag feirmeoirí Éireannacha agus Francacha ó thaobh na haeráide, an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus chosaint na bhforaoisí de.
- Athdhearbhaímid a thábhachtaí atá straitéisí atá comhleanúnach agus iomlánaíoch ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, maidir le talmhaíocht, bia, sláinte, an comhshaol agus trádáil.
- Tugaimid dár n-aire a thábhachtaí atá taighde, oiliúint agus leathnú seirbhísí chun tacú le hearnáil agraibhia atá táirgiúil, iomaíoch agus inbhuanaithe.
- Spreagaimid freisin institiúidí oideachais agus oiliúna in earnáil na feirmeoireachta sa dá thír malartú agus soghluaisteacht feirmeoirí óga agus mac léinn agraibhia idir Éire agus an Fhrainc a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh.

- Athdhearbhaímid a thábhachtaí atá Comhbheartas Iascaigh nua AE, mar aon le gníomhaíochtaí comhpháirteacha ar mhaithe lena ráthú go leanfar de bhia mara atá ar ardcháilíocht a sholáthar.
- Is díol sásaimh dúinn an comhaontú dépháirteach maidir le hiompar capall idir an dá thír agus cuirimid i bhfáth a thábhachtaí atá an earnáil mór le rá seo dár ngeilleagair faoi seach.

## II/ Ár gCeangal Trádála a Mhéadú

Ós rud é gurb í an Fhrainc an chomharsa is gaire dúinn san Aontas, tá sí ina tairseach thábhachtach idir Éire agus an chuid eile de mhargadh aonair na hEorpa.

Gach lá, téann na mílte coinsíneacht luachmhar, go háirithe earraí agraibhia, trí chalafoirt na Fraince agus iad ar an mbealach chun na Fraince agus an chuid eile den Eoraip. Ar an gcaoi chéanna, baintear úsáid as na calafoirt sin chun earraí ón bhFrainc agus ó áiteanna eile a chur chun na hÉireann ar bhonn laethúil. Cé go bhfuil an-leas á bhaint as an méadú suntasach ar naisc dhíreacha mhuirí, tá Droichead Talún na Ríochta Aontaithe fós ina shlí ríthábhachtach chun earraí a iompar idir Éire agus an chuid eile den Mhargadh Aonair, go háirithe chun tacú le slabhraí soláthair 'díreach in am'.

Luífidh Éire agus an Fhrainc isteach ar an obair chun sreabhadh éifeachtúil na trádála sin a chinntiú.

Leanfaimid orainn de bheith ag oibriú as lámha a chéile chun na deiseanna gnó, trádála agus turasóireachta arna dteacht chun cinn a bhuí le naisc dhíreacha mhuirí a uasmhéadú.

Tacóimid freisin le forbairt comhpháirtíochtaí trádála agus gnó idir Éire agus na príomhréigiúin 'tairsí', go háirithe Hauts-de-France, an Normainn agus an Bhriotáin.

Déanfaidh Éire a lorg taidhleoireachta sa Fhrainc a leathnú d'fhonn tacú lenár gcaidreamh trádála agus gnó trí Ard-Chonsalacht nua a oscailt in Lyon agus trí Chonsal Oinigh nua a cheapadh in Roscoff chun tacú le comhpháirtíochtaí sa Bhriotáin.

Óstálfaimid imeachtaí le haghaidh líonrú gnó agus chun trádáil a chur chun cinn, imeachtaí ina mbainfimid leas as líonraí amhail Team France Export agus na Conseillers de Commerce Extérieur, Comhlachas Tráchtála na Fraince agus na hÉireann, agus Network Irlande.

- Is díol sásaimh d'Éirinn agus don Fhrainc an tionscadal Smart Ports (*calafoirt chliste*) arna bhainistiú ag Oifig Forbartha Muirí na hÉireann agus spreagann sé malartú faisnéise, sreabhadh sonraí agus saineolas an dá thír sa réimse sin a chur ar taispeáint.

- Is díol sásaimh dúinn an cinneadh arna dhéanamh ag an bhFrainc líon Volontaires internationaux en Entreprises (*oibrithe deonacha i gcuideachtaí*) a mhéadú ó 90 go dtí 150 faoi 2023, rud a fhágann go bhfuil sé i gceist aici cur le fás líon na n-oibrithe deonacha a chonacthas le roinnt blianta anuas in Éirinn. D'fhéadfadh gach saoránach den Aontas Eorpach atá in aois chuí agus a bhfuil cúlra oideachais ábhartha aige/aici cur isteach ar scéim na n-oibrithe deonacha sin agus tairbhe a bhaint as fás as cuimse gheilleagar na hÉireann. Cuideoidh na socrúcháin dheonacha sin le céimithe óga cur amach a fháil ar

Éirinn agus cuideoidh siad le cuideachtaí Francacha a gcuid gníomhaíochtaí in Éirinn agus níos faide i gcéin a fhorbairt. Níos ginearálta fós, spreagfaimid daoine óga taithí oibre a ghnóthú sa tír chomhpháirtíochta.

- Ag féachaint do Straitéis an Choimisiúin maidir le Comhionannas Inscne don tréimhse 2020-2025, is éard a bheidh d'aidhm againn ionchais fostaíochta le haghaidh ban a fheabhsú trí neamhspleáchas comhionann eacnamaíoch a chur chun cinn, tríd an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh agus trí chothromaíocht inscne sa phróiseas cinnteoireachta a chur ar aghaidh.

### III/ An Geilleagar Digiteach a Chothú

Tá an geilleagar digiteach i gcroílár an téarnaimh eacnamaíoch tar éis na paindéime agus tá sé i gcroílár chlár oibre an Aontais. Is díol sásaimh dúinn an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha agus an tAcht um Margaí Digiteacha atá beartaithe a bhaineann le nuálaíocht, fás agus iomaíochas mhargadh digiteach na hEorpa agus freisin le cosaint shaoránaigh na hEorpa agus iad ar líne.

- Tabharfaimid faoinár n-idirphlé tábhachtach ar dhlí AE a bhaineann le sonraí arna gcoinneáil ag gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí, trí chumarsáid rialta idir ár luchtanna riaracháin agus oifigí oifigiúla.

Tá éiceachórais bhríomhara teicneolaíochta ag Éirinn agus ag an bhFrainc.

- Fáiltímid roimh chomhar sa tionscnamh 'An Eoraip i mBun Fáis' (*Scale-Up Europe*) d'fhonn méadú cuideachtaí digiteacha agus teacht chun cinn córais teicneolaíochta Eorpaigh a spreagadh agus d'fhonn rannpháirtíocht Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) a chothú sa gheilleagar digiteach.

- Tacaímid freisin leis na tionscnaimh sin atá i bhfabhar ár ngnólachtaí nuathionscanta a nascadh, go sonrach trí La French Tech agus moil dhigiteacha na hÉireann.

### IV/ Ár Naisc san Ardoideachas, sa Bhreisoideachas, san Oiliúint, Taighde agus sa Nuálaíocht a Neartú

#### Ardoideachas

Is ionann mic léinn Fhrancacha agus an bhuíon is mó de mhic léinn Eorpacha atá in Éirinn faoi chlár Erasmus agus is í an Fhrainc céad rogha mhic léinn na hÉireann mar cheann scríbe san Aontas.

Is príomhthosaíocht é comhar a neartú idir Institiúidí Ardoideachais na hÉireann agus na Fraince. Is geilleagair eolasbhunaithe iad ár ngeilleagair. Baineann ríthábhacht le cáilíocht an oideachais a chuirimid ar fáil do na glúnta atá le teacht ó thaobh ár rathúnas sa todhchaí de.

Déanfaidh Éire agus an Fhrainc a seacht ndícheall chun tarraingteacht na dtíortha i súile mhic léinn na Fraince agus na hÉireann a fhorbairt agus freisin chun soghluaisteacht na bhfoirne acadúla idir an dá thír a spreagadh, lena n-áirítear trí chlár Erasmus+.

- Oibreoimid le hInstitiúidí Ardoideachais na Fraince agus na hÉireann a bhfuil caidreamh seanbhunaithe eatarthu d'fhonn béim a leagan ar na deiseanna atá ann a gcuid rannpháirtíochta a dhoimhniú trí mheicníochtaí tacaíochta nua de bhun chlár Erasmus+ don tréimhse 2021-2027.

- Á mheabhrú dóibh a thábhachtaí atá sé a aithint go bhféadfadh mic léinn arb as Tuaisceart Éireann dóibh leas a bhaint as na deiseanna faoi Erasmus+, oibreoimid i bpáirt le chéile chun socrúcháin in Institiúidí Ardoideachais na Fraince a éascú do mhic léinn ó Thuaisceart Éireann.

- Spreagfaimid doimhniú an chomhair idir ár nInstitiúidí Ardoideachais trí dheiseanna a chur chun cinn, eadhon dámhachtainí agus cláir chomhpháirteacha, modúil a sheachadadh ar mhodh nuálaíoch, trí shoghluaisteacht, agus cláir chéim dhúbailte. Tá 45 chlár céim dhúbailte faoi láthair idir ollscoileanna na hÉireann agus ollscoileanna na Fraince. Spreagfaimid Institiúidí Ardoideachais iarracht a dhéanamh an sprioc maidir leis an líon sin a mhéadú go dtí 60 clár faoi 2025 a bhaint amach.

- Spreagfaimid meánscoileanna, mar aon le hInstitiúidí Breisoideachais, úsáid a bhaint as na Príomhghníomhaíochtaí faoi chlár Erasmus chun cuairteanna ranga, soghluaisteacht scoláirí/mac léinn agus foirne, agus intéirneachtaí do scoláirí/mic léinn i dtíortha a chéile a éascú.

Is díol sásaimh dúinn na comhpháirtíochtaí arna mbunú ag ár nInstitiúidí Ardoideachais trí thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha:

- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Ollscoil Montpellier faoi thionscnamh CHARM-EU.
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Ollscoil Bordeaux faoi chuibhreannas ENLIGHT.
- Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Teicneolaíochta Troyes faoi Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa.

Leanfaimid orainn de bheith ag spreagadh rannpháirtíocht ár nInstitiúidí Ardoideachais i líonraí nua de chuid ollscoileanna Eorpacha, agus de bheith ag tacú leis an rannpháirtíocht sin.

- Is díol sásaimh d'Éirinn agus don Fhrainc an tionscadal struchtúraithe faoi stiúir réigiún na Briotáine agus na ceithre ollscoil dá cuid mar thúsphointe le haghaidh go leor comhair le hinstitiúidí Éireannacha.

- Is díol sásaimh dúinn síniú an Mheabhráin Tuisceana atá ar na bacáin idir na 3 Ollscoil Atlantacha in Éirinn (UCC, OL, OÉ Gaillimh) agus 4 Ollscoil Bhriotánacha.

- Cuirfimid an tionscadal 'Acadaimh Mhúinteoirí na Fraince-na hÉireann' chun tosaigh ar mhaithe le cláir agus straitéisí oideachais tosaigh agus oideachais leanúnaigh a fhorbairt, bunaithe ar an taithí atá faighte agus an chiall cheannaithe ón tionscadal píolóta agus ó na comhpháirtíochtaí idir Institiúidí na Fraince um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí agus Institiúidí Ardoideachais na hÉireann a bheidh rannpháirteach in oiliúint múinteoirí i rith an fhómhair in 2021.

- Is díol sásaimh dúinn síniú an dearbhaithe chomhpháirtigh atá ar na bacáin idir an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tAire Oideachais in Éirinn, an tAire le freagracht as Oideachas Náisiúnta, an tAos Óg agus Spórt, agus an tAire Ardoideachais, Taighde agus Nuálaíochta i bPoblacht na Fraince, dearbhú a mbeidh sé d'aidhm aige soghluaisteacht múinteoirí amach anseo a fhorbairt.

- Déanfaimid tionscadail chomhoibríocha taighde agus céimeanna dúbailte, a dtacóidh earnáil na tionsclaíochta in Éirinn agus sa Fhrainc leo nuair is féidir, a chothú.

- Forbróimid, i gcomhpháirt le Cumann Ollscoileanna Éireann, le Cumann an Ardoideachais Teicneolaíochta, agus le France Éducation International, saineolas nua ar ghráid a bhronntar i mbaccalaureate na Fraince a iompú ina ngráid choibhéiseacha Éireannacha le gur féidir iad a úsáid i gcóras na Lár-Oifige Trádála (CAO) chun Institiúidí Ardoideachais na hÉireann a rochtain.

**An Breisoideachas agus Oiliúint**

- Is díol sásaimh dúinn síniú an ráitis chomhpháirtigh atá ar na bacáin idir an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tAire Oideachais in Éirinn, an tAire le freagracht as Oideachas Náisiúnta, an tAos Óg agus Spórt i bPoblacht na Fraince, ráiteas a mbeidh sé d'aidhm aige comhar déthaobhach sa réimse teagaisc agus i réimse na gairmoiliúna a neartú. Is díol sásaimh dúinn an chomhpháirtíocht atá ar na bacáin idir Campas Cáilíochtaí na Normainne, Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, BOO Chiarraí, BOO Laoise agus Uíbh Fhailí, BOO Luimnigh agus an Chláir, agus BOO an Chabháin agus Mhuineacháin.

- Tacaíonn Éire agus an Fhrainc le cuibhreannais institiúidí a bhunú nó comhaontuithe comhpháirtíochta idir boird oideachais sa Fhrainc agus BOOanna in Éirinn.

- Déanfaimid an líonra Franc-Éireannach um ealaíona cócaireachta, fáilteachas agus turasóireacht a leathnú, líonra a bhfuil fóram a dtacaíonn cuideachtaí ón dá thír leis mar chuid de.

- Is díol sásaimh dúinn an Meabhrán Tuisceana atá ar na bacáin idir boird oideachais réigiún Provence-Alpes-Côte d'Azur agus réigiún Occitanie sa Fhrainc agus BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, meabhrán tuisceana lena ndéantar ár gcomhpháirtíocht shármhaith le réigiúin na Meánmhara sa Fhrainc a leathnú.

**Taighde agus Nuálaíocht**

Spreagfaimid ár gcuid taighdeoirí agus nuálaithe comhar den chéad scoth a fhorbairt, comhar ar a mbronnfaí maoiniú atá tuillte go maith acu tríd an gclár 'Fís Eorpach'. Ar mhaithe leis an sprioc sin a fhíorú:

- Spreagfaimid na pointí teagmhála náisiúnta faoi seach sa chlár 'Fís Eorpach' leanúint de bheith ag obair le chéile chun cur leis an iarracht atá ar bun tionscadail ardacmhainneachta a aithint. Tiocfaidh stiúrthóirí um thaighde agus nuálaíocht laistigh de na hAireachtaí Ardoideachais agus de na hAireachtaí Taighde agus Nuálaíochta faoi seach le chéile le stiúrthóirí gníomhaireachtaí gnó d'fhonn a mheas i gcomhpháirt le chéile cé na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an comhar sin a éascú.

- Eagróimid imeacht a reáchtálfar in 2022 ina dtabharfar le chéile taighdeoirí agus nuálaithe ó Éirinn agus ón bhFrainc agus comhlachtaí cistiúcháin taighde agus nuálaíochta araon d'fhonn cur leis an iarracht comhar nua a aithint agus ionas gur féidir tuairimí a chomhroinnt maidir lenar éirigh le comhar nuálach na hÉireann-na Fraince maoiniú ón Aontas a áirithiú.

- Leanfaimid orainn de bheith ag tacú le clár taighde Ulysses agus cuirfimid leathnú an chláir chun cinn trí chomhpháirtithe straitéiseacha breise a chur leis.

- Chun tógáil ar an maoiniú a fuarthas faoi chuimsiú Ulysses, déanfaimid ár ndícheall rannpháirtíocht an dá thír sa chlár 'Fís Eorpach' a neartú trí chabhrú le taighdeoirí a thairbhigh de mhaoiniú Ulysses rochtain a fháil ar cheardlanna atá deartha chun cur leis na deiseanna atá acu maoiniú ón Aontas a fháil.

- Déanfaimid tionscadail chomhoibríocha taighde agus céimeanna dúbailte, a dtacóidh earnáil na tionsclaíochta in Éirinn agus sa Fhrainc leo nuair is féidir, a chothú.

**V/ An Fhraincis in Éirinn agus an Léann Éireannach sa Fhrainc a chur chun cinn**

Ó thaobh cúrsaí teanga de, tá rún daingean ag Éire agus an Fhrainc foghlaim teangacha a chur chun cinn go gníomhach mar rud lena dtugtar le chéile muid, rud a rachadh chun sochair dúinn agus muid ag iarraidh deiseanna arna dtairiscint ag an Aontas Eorpach a thapú.

Is ball breathnóireachta gníomhach í Éire san Eagraíocht Idirnáisiúnta do Dhomhan na Fraincise (*l'Organisation Internationale de la Francophonie*) agus tá sí tiomanta don Fhraincis a chur chun cinn.

- Oibreoimid le chéile chun an Léann Éireannach a chur chun cinn ar leibhéal na hollscolaíochta sa Fhrainc, ionas gur féidir le foireann teagaisc agus taighdeoirí na Fraince agus na hÉireann oibriú le chéile go fuinniúil chun dearcadh acadúil ríthábhachtach a thabhairt isteach sa chaidreamh atá eadrainn agus chun é sin a chur ar aghaidh le haghaidh na nglúnta mac léinn atá le teacht.

- Déanfaimid foghlaim na Fraincise ar leibhéal na meánscolaíochta a chur chun cinn in Éirinn, de réir mar atá leagtha amach i straitéis na hÉireann 'Déanann Teangacha Nasc', trí bhearta nithiúla chun an Fhraincis mar nuatheanga san Eoraip a chur chun cinn.

- Is díol sásaimh dúinn síniú an Mheabhráin Tuisceana atá ar na bacáin idir an Roinn Oideachais, Ambasáid na Fraince agus na scoileanna atá rannpháirteach i scéim na gcúntóirí teanga atá roghnaithe d'fhonn a chinntiú go leanfar d'fhoghlaim na teanga agus go mbeidh an clár ar ardcháilíocht (bunaithe ar na treoirlínte atá ann cheana).

- Aontaímid scéim na gcúntóirí teanga a chur chun cinn go comhpháirteach, ar scéim í sin a bhfuil sé d'aidhm aici freastail ar scoláirí meánscoile agus mic léinn ollscoile in Éirinn agus sa Fhrainc araon, agus tacaímid le tionscnaimh oiliúna ó Theangacha Iar-bhunscoile Éireann agus ó Ambasáid na Fraince atá mar chuid den chlár (seimineáir ghréasáin agus feachtais ar na meáin shóisialta).

- Táimid ar aon fhocal maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na Fraincise le haghaidh teangacha iasachta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach ar leibhéal na bunscolaíochta atá beartaithe do mhí Mheán Fómhair, 2021, leis an modúl samplach i leith teangacha sa bhunscoil (*Primary School Language Sampler Module*).

- Ar mhaithe le cáilíocht theagasc agus fhoghlaim na Fraincise araon laistigh de chóras oideachais na hÉireann a chur chun cinn, mar aon le soghluaisteacht mac léinn agus múinteoirí Éireannacha laistigh de na limistéir ina labhraítear an Fhraincis, aontaíonn Ambasáid na Fraince agus Teangacha Iar-bhunscoile Éireann luach na scrúduithe DELF agus DALF a chur chun cinn mar bhealach chun inniúlacht duine sa Fhraincis a dheimhniú.

- Táimid ar aon tuairim maidir le tuilleadh scoláireachtaí soghluaiseachta a dheonú agus ceardlanna oiliúna a chur ar fáil do mhúinteoirí i rith na bliana i ngach réigiún in Éirinn, lena n-áirítear clár scoláireachta arna chómhaoiniú i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais.

- Neartóimid na naisc atá ag Éirinn leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta do Dhomhan na Fraincise agus le hoibritheoirí ar cainteoirí Fraincise iad. Tacaíonn Cumann Ollscoileanna Éireann le hiarratas Chumann Ollscoileanna Éireann agus l'Association des Études Françaises et

Francophones d'Irlande (Adeffi) chun bheith ina mball d'Agence Universitaire de la Francophonie, tar éis d'Éirinn páirt a ghlacadh den chéad uair sa chomórtas '*My thesis in 180 seconds*' de chuid l'Agence Universitaire de la Francophonie in 2021.

- Táimid ar aon tuairim maidir le príomhimeacht comhair a dhéanamh den chomóradh ar Lá Idirnáisiúnta Dhomhan na Fraincise (*Journée Internationale de la Francophonie*).
- Is díol sásaimh dúinn láithreacht mheáin na Fraince, go háirithe faoi chuimsiú sheoladh TV5MONDE, an t-ardán digiteach, lena gcuirtear le domhan na Fraincise a chur chun cinn agus, mar sin, lena ndéantar láithreacht na Fraincise in Éirinn a mhéadú, tar éis d'aontachas na hÉireann le hEagraíocht Idirnáisiúnta do Dhomhan na Fraincise in 2018 mar bhreathnóir.

## VI/ Ár gComhar Cultúrtha a Chothú

Tógfaidh Éire agus an Fhrainc ar an ngaol cultúrtha láidir agus stairiúil atá idir an dá thír. Forbróimid clár ealaíne comhaimseartha ina dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna an lae inniu, clár a mbeidh pobail nua agus éagsúla ann agus a bheidh ionchuimsitheach ó thaobh na tíreolaíochta agus na déimeagrafaice de. Déanfaimid na naisc chultúrtha sin a chur chun cinn trí rannpháirtíocht ardleibhéil, sineirge agus feiceálacht mhaith laistigh de mhórimeachtaí cultúrtha sa dá thír. Áireofar ar imeachtaí tosaíochta cultúrtha Lá Fhéile Pádraig, Fête de la musique (*féile cheoil*), Lá Bloom, féilte liteartha agus ealaíne, féilte scannán agus féilte scannán beochana, aontaí trádála, agus Féile na nGéanna Fiáine, Luimneach, i measc imeachtaí eile.

Tapóimid deiseanna chun an cairdeas idir Éire agus an Fhrainc a chur chun cinn trí thaispeántais agus imeachtaí comórtha, agus déanfaimid díospóireachtaí a ghríosadh trí thionscnaimh speisialta agus imeachtaí bliantúla, lena n-áirítear La Nuit des Idées (*Oíche na Smaointe*), Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá Fhéile Bríde agus Féile Liteartha na Fraince-na hÉireann. Díreofar ar théamaí beartais tosaíochta sna díospóireachtaí sin, lena n-áirítear an aeráid, an comhionannas, cearta an duine, comhionannas inscne, lánpháirtíocht Eorpach, pobal labhartha na Fraincise, agus tionscnaimh de chuid an Chomhaontais um Iltaobhachas, go háirithe an Chomhpháirtíocht Faisnéise agus Daonlathais (*Partnership on Information and Democracy*).

### Ardáin Chomhoibríocha

- Feabhsóimid comhairliúcháin idir ranna cultúrtha an dá Ambasáid mar aon leis na hAireachtaí Cultúrtha, Cultúr Éireann agus na stiúrthóirí cultúrtha laistigh de na hAireachtaí Eachtracha.
- Feabhsóimid an comhar leis an Centre Culturel Irlandais i bPáras, leis an tSeirbhís Chultúrtha in Ambasáid na Fraince agus le líonra Alliances Françaises in Éirinn.
- Feabhsóimid cláir um malartuithe déthaobhacha le haghaidh gairmithe cultúrtha, agus forbróimid cónaitheachtaí d'ealaíontóirí, scríbhneoirí agus aistritheoirí chun comhar san earnáil chruthaitheach a spreagadh.

- Is díol sásaimh dúinn Plean Straitéiseach de chuid Centre Culturel Irlandais le haghaidh na chéad chúig bliana eile, i dteannta na hoibre leanúnaí ar phlean forbartha atá ar bun ag an Centre le hOifig na nOibreacha Poiblí in Éirinn ar mhaithe leis an spás cultúrtha uathúil sin atá ag Éirinn sa Fhrainc a athchóiriú agus a fheabhsú tuilleadh.

**Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Nua**

- Spreagfaimid tuilleadh comhar déthaobhach san earnáil scannánaíochta d'fhonn teacht ar comhaontú maidir le comhléiriú scannán idir Éire agus an Fhrainc faoi choimirce Centre National du Cinéma agus Fhís Éireann.

- Tacóimid le comhpháirtíocht straitéiseach nua a dtiocfaidh Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (CARÉ) agus Conservatoire de Paris (CNSMDP) uirthi.

- Tacóimid le comhar feabhsaithe idir l'Académie française agus Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ), lena n-áirítear cómhaoiniú a dheimhniú do Dhuais Michel Déon go dtí 2025. Duais liteartha comhpháirteach is ea an duais sin arna deonú gach dara bliain ag ARÉ in Éirinn agus l'Académie française sa Fhrainc.

**Tionscnaimh le haghaidh Cláir Nua**

- In 2022, déanfaimid comhchomóradh céad bliana ar fhoilsiú Ulysses i bPáras mar uain chinniúnach i nua-aoiseachas na hÉireann, na Fraince agus na hEorpa, lena n-áirítear trí thacú le Séasúr Sheoighe ('*Joyce Season*') de chuid Centre Culturel Irlandais.

- Tacóimid le clár nua Comhaltachtaí Eileen Gray a chruthú lena ndéanfaí an t-ailtire agus an dearthóir iomráiteach a chomóradh: ceann le haghaidh ailtirí agus ceann eile le haghaidh ceardaithe agus dearthóirí, a dhéanfaidh Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann a dheonú faoi seach, i gcomhpháirtíocht leis an Centre Culturel Irlandais agus an Musée des Arts Décoratifs.

- Tacóimid le Comhaltacht nua Tomi Ungerer a chruthú d'fhonn malartuithe ealaíne ildisciplíní a chur chun cinn trí bheith ag oibriú leis an Centre Culturel Irlandais agus le comhpháirtithe in Éirinn agus sa Fhrainc. Thacófaí le beirt ealaíontóirí a bhíonn ag plé le healaín phobalghníomhach i bhfoirm ealaíne ar bith tríd an tionscnamh seo. Beidh duine den bheirt ealaíontóirí sin lonnaithe sa Fhrainc nó beidh sé/sí ina náisiúnach Francach agus beidh an duine eile lonnaithe in Éirinn nó ina náisiúnach Éireannach.

- Oibreoidh an Centre Culturel Irlandais agus Ambasáid na Fraince in Éirinn ar thionscnamh hip hap ina dtiocfaidh ealaíontóirí hip hap ón dá thír le chéile le healaíontóirí ón Afraic Thiar le haghaidh na ceolchoirme hip hap 'Fête de la Musique' in 2022.

**Spórt**

- Féachfaimid le feiceálacht imeachtaí spóirt idir ár bhfoirne a mhéadú, go háirithe roimh Chorn an Domhain sa Rugbaí a bheidh ar siúl sa Fhrainc i rith an fhómhair in 2023 agus na Cluichí Oilimpeacha i bPáras in 2024.

- Leanfaimid orainn de bheith ag cur Éire chun cinn mar cheann scríbe seoltóireachta agus déanfaimid naisc idir an dá thír a chothú trí bheith ag tacú le tionscnaimh eadhon *La Solitare du Figaro* agus *Rolex Fastnet Race*, ar tionscnaimh iad sin a bhfuil líon suntasach leantóirí acu agus a chuireann daoine ón dá thír spéis iontu.

- Oibreoimid as lámha a chéile chun aitheantas níos fearr a dheimhniú do na cluichí Gaelacha sa Fhrainc.

## VII/ Ár Naisc Dhuine le Duine a Neartú

Tá áit lárnach ag na naisc idir muintir na hÉireann agus muintir na Fraince sa chaidreamh breá láidir atá eadrainn.

Ba mhaith le hÉirinn agus an Fhrainc teagmháil duine le duine a mhéadú ar mhaithe leis na naisc mhothúchánacha sin trína ndearnadh, go stairiúil, ár ndá thír a nascadh, a chothú. Déanfaimid deiseanna chun malartú a dhéanamh ar gach leibhéal den tsochaí a chur chun cinn, lena n-áirítear i réimse an chultúir, na turasóireachta agus spóirt.

Leis an bPlean Comhpháirteach Gníomhaíochta seo, tá réimse tionscnamh comhaontaithe againn chun na naisc idir muintireacha ár dtíortha a mhéadú, eadhon:

- **Ealaíontóirí**: a bhuí le tionscnaimh nua ar nós Comhaltachtaí Tomi Ungerer agus Eileen Gray, tógfar tuilleadh ar an stair fhada atá idir ár muintireacha ó thaobh malartuithe ealaíne de.
- **Taighdeoirí**: déanfar comhar agus malartuithe idir taighdeoirí Éireannacha agus taighdeoirí Francacha a dhoimhniú trí thionscnaimh nua arna leagan amach thuas chun clár Ulysses a leathnú agus tríd an gclár 'Fís Eorpach'.
- **Mic Léinn**: déanfar soghluaisteacht mac léinn san ardoideachas agus sa ghairmoideachas araon a fheabhsú a bhuí leis na gníomhaíochtaí atá mínithe thuas agus trí na deiseanna arna dteacht chun cinn trí chlár nua Erasmus+ don tréimhse 2021-2027.
- **Leanaí Scoile:** Déanfaidh gníomhaireachtaí turasóireachta in Éirinn agus sa Fhrainc cuairteanna oideachasúla chuig an dá thír a chur chun cinn mar bhealach chun tacú leis an teanga a fhoghlaim agus chun feasacht agus tuiscint chultúrtha a ardú i measc an aosa óig.

Déanfaidh Éire agus an Fhrainc naisc idir na húdaráis áitiúla, cumainn agus grúpaí gnó a spreagadh, lena n-áirítear trí nascadh agus comhar atá bunaithe ar thionscadail. Óstálfaimid i gcomhpháirt le chéile lá na mbailte nasctha ar mhaithe le comhar ar an leibhéal áitiúil a chur chun cinn, comhar a fhágann gur saibhre fós iad ár naisc dhuine le duine.

**Naisc Idir-rialtasacha**

Rachfar i mbun iarrachtaí chun gur féidir le státseirbhísigh ón dá thír tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an tír eile, d'fhonn comhar déthaobhach a fheabhsú agus freisin d'fhonn tuiscint níos fearr ar chreat institiúideach an Aontais a chur chun cinn. Chuige sin:

- Is mian le hÉirinn agus leis an bhFrainc malartuithe a fhorbairt agus teagmháil idir luchtanna riaracháin agus státseirbhísí a thógáil.
- Is díol sásaimh dúinn an cinneadh arna dhéanamh ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha feidhmeannach a sheoladh chuig an École Nationale d'Administration chun comhthuiscint agus naisc idir ár státseirbhísí a threisiú tuilleadh.
- Is díol sásaimh dúinn freisin gur cruthaíodh líonra na Fraincise chun an Fhraincis a chur chun cinn i measc státseirbhís na hÉireann, de réir mar a fógraíodh de bhun an dearbhaithe chomhpháirtigh ón 20 Bealtaine, 2021, agus na tionscnaimh chun gníomhaíochtaí le haghaidh an líonra sin a chur chun cinn.
- Is díol sásaimh dúinn go dtabharfar an deis do bhall den Gharda Síochána staidéar a dhéanamh san École Nationale Supérieure de la Police sa Fhrainc.
- Is díol sásaimh dúinn an comhar idir ár seirbhísí custaim agus ár n-oifigí atá freagrach as bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a bhaineann le rialú trádála tar éis Brexit a chur i bhfeidhm agus spreagaimid cuairteanna, malartuithe foirne agus oibríochtaí comhpháirteacha a fhorbairt.
- Is díol sásaimh dúinn na naisc threisithe idir ár gcuid parlaimintí, go háirithe idir na grúpaí cairdis faoi seach agus idir baill foirne.
- Déanfaimid ár ndícheall naisc níos fearr a thógáil idir meithle machnaimh na Fraince agus na hÉireann agus chun deiseanna dul i mbun díospóireacht beartais agus malartuithe a spreagadh.

## VIII/ Idirphlé agus Comhar maidir lenár gCuid Beartas

Is mian linn an t-idirphlé agus an comhar idir an dá thír maidir lenár mbeartais sna réimsí a luaitear thíos a neartú, mar atá:

### Beartas Eachtrach agus Beartas na hEorpa

I mí na Bealtaine, 2021, sheol ár nAireachtaí Eachtracha idirphlé struchtúrtha feabhsaithe ina ndírítear ar shaincheisteanna maidir le beartas eachtrach ar leas coiteann iad, lena n-áirítear saincheisteanna maidir leis an Meánoirthear agus an aeráid.

Tá ardleibhéil uaillmhéine in Éirinn agus sa Fhrainc araon ó thaobh saincheisteanna aeráide agus saincheisteanna comhshaoil de. Agus muid ag tógáil ar an ngealltanas atá tugtha againn sa Ráiteas Comhpháirteach maidir leis an idirphlé idir ár nAireachtaí Eachtracha, eadhon ár nArdstiúrthóirí AE agus ár nAmbasadóirí aeráide, a láidriú agus a chur in ord, oibreoimid le chéile go rialta ar leibhéal na hEorpa d'fhonn an seasamh atá glactha againn maidir leis an aeráid agus an t-aistriú fuinnimh a chomhordú.

### An tSlándáil agus Cosaint

Tá naisc sheanbhunaithe idir pearsanra Óglaigh na hÉireann agus pearsanra Fhórsaí Armtha na Fraince, a bhuí sin leis na tréimhsí a chaith siad i mbun seirbhíse le chéile i roinnt oibríochtaí bainistithe géarchéime de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh. Ag amharc chun cinn, féachfaidh Éire agus an Fhrainc ar na deiseanna atá ann tabhairt faoi chomhar sa bhreis i réimsí amhail:

- Comhar AE-NA.
- Malartú faisnéise maidir le bagairtí agus dúshláin nua agus atá ag teacht chun cinn.
- Acmhainneacht maidir le tuilleadh faisnéise a mhalartú maidir leis an Léiriú Muirí Aitheanta agus an Léiriú Aeir Aitheanta d'fhonn tacú leis an tsábháilteacht agus an tslándáil.
- Acmhainneacht maidir le tionscnaimh forbraíochta dhéthaobhacha um chumas a bheith ann.
- Acmhainneacht maidir le comhar a dhéanamh ar fhorbairt cumais faoi chuimsiú thionscnaimh AE, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus an Ciste Eorpach Cosanta.
- Naisc thaighde, theicneolaíochta, nuálaíochta agus fiontraíochta idir eintitis na hÉireann agus eintitis na Fraince ó thaobh cosanta de a chur chun cinn.
- Oiliúint teanga le haghaidh fórsaí.
- Oiliúint i réimse an chumais mhíleata.
- Malartaithe Pearsanra Sibhialta agus Míleata.

Níos ginearálta, leanfaidh Éire agus an Fhrainc den chomhar eatarthu faoi chuimsiú Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear oibríochtaí síochánaíochta, coinbhleachtaí a chosc agus gníomhaíochtaí bainistithe géarchéime sibhialtaí.

**Beartas Fiontraíochta**

Déanfaidh na hAireachtaí a bhfuil beartas fiontraíochta faoina gcúram acu (.i. an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in Éirinn agus Ministère de l'Économie, des Finances et de la Relance i bPoblacht na Fraince) tuairimí i réimse Bheartas na Fiontraíochta a mhalartú d'fhonn:

- Smaointe a fhorbairt agus deiseanna chun tacú le hacmhainneacht agus cumas feabhsaithe fad príomhshlabhraí luacha straitéiseacha a shainaithint.
- An acmhainneacht atá ann maidir le comhar a dhéanamh trí Thionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne a fhiosrú, go háirithe i réimse na sláinte, agus na gComhaontas Tionsclaíoch.
- Tacú le hinfheistíochtaí i gcomhthéacs Roghnaigh an Fhrainc (Choose France) nó An Eoraip i mBun Fáis (Scale-Up Europe) agus lenár n-éiceachórais dhigiteacha, agus iad sin a chur chun cinn.

Agus i réimse Bheartas an Mhargaidh Aonair d'fhonn:

- Cineálacha cur chuige beartais a mhalartú chun rialacha an Mhargaidh Aonair a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú agus réimsí ina bhféadfaí dul i mbun comhair a shainaithint.

**Beartas Trádála**

Gné lárnach is ea an trádáil ó thaobh rathúnas eacnamaíoch agus iomaíochas na hEorpa de. Tacaíonn Éire agus an Fhrainc leis an ról ceannasach atá ag an Aontas sa mhéid a bhaineann le hiltaobhachas trádála a neartú agus leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san athchóiriú atá á dhéanamh ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Tacaíonn siad freisin leis na naisc idir beartas trádála AE agus spriocanna inbhuanaithe trádála na hEorpa a neartú.

Malartóidh na hAireachtaí a bhfuil beartas trádála faoina gcúram acu cineálacha cur chuige beartais maidir lenár n-uaillmhianta comhroinnte a bhaint amach, mar atá: cothroime agus inbhuanaitheacht.

**Airgeadas**

Reáchtálfaidh na hAireachtaí Airgeadais (.i. an Roinn Airgeadais in Éirinn agus Ministère de l'Économie, des Finances et de la Relance i bPoblacht na Fraince) comhairliúcháin struchtúrtha ar an leibhéal sinsearach ar bhonn bliantúil ina ndéanfaidh siad tuairimí, go háirithe maidir le tionscnaimh um maoiniú inbhuanaithe, a mhalartú.

**An Aeráid, Fuinneamh agus an tAistriú Éiceolaíoch**

Déanfaidh Aireachtaí um an Aeráid, Fuinneamh agus an tAistriú Éiceolaíoch an t-idirphlé beartais eatarthu a neartú trí bheith ag tógáil ar na tionscadail nua a fógraíodh mar chuid den Phlean Comhpháirteach Gníomhaíochta seo.

Tá sé i gceist acu idirphlé déthaobhach a bhunú a reáchtálfar go bliantúil ina bpléifear saincheisteanna a bhaineann leis an aeráid ionas gur féidir réitigh ar na tionchair éagsúla a bhíonn ag athruithe a mhalartú mar aon le tuairimí ar imeachtaí déthaobhacha, amhail Comhdháil na bPáirtithe (COP).

**IX/ Cur chun feidhme**

Déanfaidh na hAireachtaí Gnóthaí Eachtracha agus na hAmbasáidí cur chun feidhme an Phlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta seo a chomhordú d'fhonn a áirithiú go ndéanfaí na tionscadail uaillmhianacha a comhaontaíodh inniu a chur i gcrích. Tiocfaidh siad le chéile gach bliain chun dul chun cinn a athbhreithniú agus chun an Plean a nuashonrú agus a chur in oiriúint de réir mar is gá.

**Baile Átha Cliath, an 26 Lúnasa, 2021.**

Ar son na hÉireann

**Simon COVENEY T.D.**
Aire Gnóthaí Eachtracha

Ar son Phoblacht na Fraince

**Jean-Yves LE DRIAN**
Aire na hEorpa agus Gnóthaí Eachtracha